AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA **M.6**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

**51004**

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 go dtí 11.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
<u>**Ceist 1**</u> *agus* <u>**Ceist 2**</u> a fhreagairt.

## CEIST 1 — PRÓS — [55 mharc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

### A – PRÓS DUALGAIS – (35 mharc)

Freagair *(a)* <u>**nó**</u> *(b)* anseo.

*(a)* (i) "An oíche sin gheall mé go mbeadh athrú ar mo shaol feasta."

*(Deoraíocht)*

Cén fáth ar gheall an scéalaí é sin? (5 mharc)
Tabhair **cuntas** ar ar tharla don scéalaí ina dhiaidh sin sa sliocht.

(20 marc)

(ii) "Nach orm a bhí an tubaiste nár maraíodh mé an lá mí-ámharach úd?"
Cad a bhí i gceist ag an scéalaí leis an gcaint sin? (10 marc)

<u>**NÓ**</u>

*(b)* (i) "Thosaigh mé féin ag cabhrú le 'cuairt an anraith' sa bhliain 1978."

*(Seal le Síomón)*

Cad atá i gceist ag an údar le 'cuairt an anraith'? (5 mharc)
Tabhair **cuntas** ar an gcineál saoil a bhí á chaitheamh ag (a) Denise agus (b) Úna.

(20 marc)

(ii) "Daoine óga is mó a bhíonn ag obair i gClann Síomóin."
Cad iad na cúiseanna, dar leis an údar, a bhfágann daoine óga an obair sin?

(10 marc)



**THALL→**

## B – PRÓS ROGHNACH – (20 marc)

Freagair *(a)* <u>**nó**</u> *(b)* anseo.

*(a)* Maidir le scéal **nó** gearrscéal **nó** úrscéal **nó** dráma Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** <u>gairid</u> ar charachtar <u>**amháin**</u> ann a chuaigh i bhfeidhm ort agus ar na fáthanna a ndeachaigh sé (sí) i bhfeidhm ort. (18 marc)

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

<u>**NÓ**</u>

*(b)* Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** <u>gairid</u> ar an mbua is mó agus ar an locht is mó a bhaineann leis, dar leat. (18 marc)

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

## CEIST 2 – FILÍOCHT – [55 mharc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

## A – DÁNTA DUALGAIS – (35 mharc)

Freagair *(a)* <u>**nó**</u> *(b)* anseo.

*(a)* (i) Cad is téama, dar leat, don dán *A Ógánaigh an Chúil Cheangailte* (<u>thíos</u>) ? (5 mharc)

(ii) Cad is brí do na leaganacha a bhfuil cló iodálach orthu sa dán? (4 mharc)

(iii) Taispeáin an mheadaracht atá i véarsa a trí den dán.
Tabhair sampla de chomhfhuaim agus sampla d'uaim sa véarsa sin. (12 mharc)

(iv) Cad iad an <u>**dá**</u> mheafar is fearr sa dán, dar leat?
Cuir fáth le do rogha i ngach cás. (14 mharc)

### A ÓGÁNAIGH AN CHÚIL CHEANGAILTE

A ógánaigh an *chúil cheangailte*
lé raibh mé seal in éineacht,
chuaigh tú aréir an bealach seo
is ní thainic tú dom fhéachaint.
Shíl mé nach ndéanfaí dochar duit
dá dtagthá 'gus mé d'iarraidh,
is gurb í do phóigín a thabharfadh sólás dom
dá mbeinn i lár an fhiabhrais.

Dá mbeadh maoin agamsa
agus airgead i mo phóca,
dhéanfainn *bóithrín aicearrach*
go doras tí mo stóirín,
mar *shúil le Dia* go gcluinfinnse
torann binn a bhróige,
's is fada ón lá 'nar chodail mé
ach ag súil le blas a phóige.

Agus shíl mé, a stóirín,
go mba gealach agus grian thú,
agus shíl mé ina dhiaidh sin
go mba sneachta ar an tsliabh thú,
agus shíl mé ina dhiaidh sin
go mba lóchrann ó Dhia thú,
nó go mba tú an réalt eolais
ag dul romham is 'mo dhiaidh thú.

Gheall tú síoda is saitin dom
callaí 'gus bróga arda,
is gheall tú tar a éis sin
go leanfá *tríd an tsnámh* mé.
Ní mar sin atá mé
ach 'mo sceach i mbéal bearna
gach nóin agus gach maidin
ag féachaint tí mo mháthar.

**NÓ**

*(b)* (i) Tá dhá ghné den saol sa Ghréig á léiriú sa dán *Cártaí Poist* (thíos). Inis **i d'fhocail féin** cad iad. (6 mharc)

(ii) An dóigh leat go bhfuil *Cártaí Poist* oiriúnach mar theideal ar an dán? Cuir fáth le do fhreagra. (5 mharc)

(iii) Cén bhrí a bhaineann tú as

*An t-aer ina chriathar bán*

agus

*Seanbhean ina ciaróg chráifeach*? (10 marc)

(iv) Taispeáin an mheadaracht atá i véarsa a ceathair den dán. Luaigh **dhá** phointe faoin meadaracht a thaispeánann tú. (14 mharc)

## CÁRTAÍ POIST

An t-aer ina chriathar bán
ag craos glórach na bhfaoileán
os cionn an tráiléara
ag teacht chun cuain
is clogáin na ngabhar
ag bualadh go toll
i measc na gcrann líomóin.

Seanbhean i bhfeisteas caointe
cromtha faoi ualach paidreacha
ina ciaróg chráifeach
ag triall ar an aragal
cois cladaigh
is clog práis slóchta le meirg
ag casachtaigh sa séipéal aoldaite.

Leannáin órtha ag siúl na trá
ag éisteacht le bladar na farraige
is aoire cianaosta
i dtábhairne ar bharr cnoic
ag imirt fichille le hiarlais
i mbrístín snámha,
a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.

Ar ardán os cionn na trá
breacaimid aibítir solais ar phár
is seolaimid ár mbeannachtaí gréine
ar chártaí poist go Éirinn.

## B – DÁNTA ROGHNACHA – (20 marc)

Maidir le dán Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** gairid ar dhearcadh an fhile mar a léirítear é sa dán sin, agus ar do thuairim féin ar an dearcadh sin. (18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)